**An Chomhairle Eorpach**

**An Bhruiséil, 16 Deireadh Fómhair 2015**
**(OR. en)**

**EUCO 26/15**

**CO EUR 10**
**CONCL 4**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Cruinniú den Chomhairle Eorpach (15 Deireadh Fómhair 2015) – Conclúidí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach ag an gcruinniú thuasluaite.

**AN IMIRCE**

1. Tá oibleagáid orainn ar fad dul i ngleic le géarchéim na himirce agus na dteifeach, oibleagáid dá mbeidh straitéis chuimsitheach agus iarracht leanúnach, dhiongbháilte ag teastáil, de mheon na dlúthpháirtíochta agus na freagrachta. Sna treoirlínte a shocraigh na Ceannairí Stáit nó Rialtais an 23 Meán Fómhair, díríodh ar na gnéithe is práinní de sin. Tá na treoirlínte sin á gcur chun feidhme go pras, mar a léirítear leis an obair a rinneadh i dtionól na Comhairle agus leis an tuarascáil ón gCoimisiún an 14 Deireadh Fómhair. Coinneofar súil ghéar ar an obair sin, na gealltanais airgeadais san áireamh, mar aon le riachtanais eile ar bith a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo.

2. Inniu leag an Chomhairle Eorpach na treoirlínte breise seo amach:

***Comhoibriú le tríú tíortha chun na sreabha a shrianadh***

a) ba cheart tacú leis an bPlean Gníomhaíochta comhpháirteach leis an Tuirc, mar chuid de chlár cuimsitheach comhair a bheidh bunaithe ar fhreagracht chomhroinnte, ar ghealltanais fhrithpháirteacha agus ar chur i gcrích. Má éiríonn leis an bplean gníomhaíochta sin, cuideoidh sé linn an treochlár maidir le léirscaoileadh víosaí a chur i gcrích i gcás gach Ballstáit atá rannpháirteach agus cuideoidh sé linn an comhaontú um athghlacadh isteach a chur chun feidhme go hiomlán. Déanfar an dul chun cinn a mheas san Earrach in 2016. Tá an tAontas Eorpach agus na Ballstáit réidh le cur leis an gcomhar idir iad féin agus an Tuirc agus tá siad réidh freisin le bheith i bhfad níos gníomhaí ar bhonn polaitiúil agus ar bhonn airgeadais laistigh den chreat atá ann cheana. Ní mór dlús nua a chur faoin bpróiseas aontachais chun dul chun cinn a dhéanamh sa chaibidlíocht i gcomhréir leis an gcreat caibidlíochta agus leis na Conclúidí ábhartha ón gComhairle.

   Chuir an Chomhairle Eorpach a comhbhrón in iúl do mhuintir na Tuirce tar éis an ionsaithe buamála in Ankara agus gheall sí go dtacódh sí leis an gcomhrac i gcoinne na sceimhlitheoireachta;

b) ba cheart obair leantach éifeachtach, oibríochtúil a dhéanamh anois ar an gComhdháil Ardleibhéil maidir le Bealach na Meánmhara Thoir/na mBalcán Thiar, agus béim ar leith a chur ar bhainistiú shreabha na himirce agus ar an gcomhrac i gcoinne líonraí coiriúla;

c) ba cheart bearta nithiúla, oibríochtúla a chinneadh ag Cruinniú Mullaigh Vaileite le Ceannairí Stáit nó Rialtais na hAfraice, lena ndíreofaí, ar bhealach cóir, cothrom, ar chur ar ais agus ar athligean isteach a bheadh éifeachtach, ar líonraí coiriúla a bhriseadh agus ar an imirce neamhdhleathach a chosc, mar aon le hiarracht cheart a dhéanamh dul i ngleic le bunchúiseanna na bhfadhbanna agus tacú le forbairt shocheacnamaíoch na hAfraice, agus gealltanas a thabhairt go mbeidh deiseanna ann i gcónaí maidir le himirce dhleathach;

d) ba cheart féachaint an bhféadfaí acmhainní sábháilte, inbhuanaithe a fhorbairt chun glacadh le teifigh sna réigiúin atá buailte, agus deiseanna fadtréimhseacha agus nósanna imeachta leordhóthanacha a chur ar fáil dóibh agus dá dteaghlaigh, lena n -áirítear rochtain a bheith acu ar an oideachas agus ar phoist, go dtí go mbeadh sé indéanta dóibh filleadh ar a dtír tionscnaimh;

e) ba cheart iarraidh ar na Ballstáit tuilleadh a dhéanamh chun tacú le UNHCR, leis an gClár Domhanda Bia agus le gníomhaireachtaí eile, agus tacú freisin le Ciste Réigiúnach Iontaobhais an Aontais Eorpaigh mar fhreagairt ar an ngéarchéim sa tSiria agus le Ciste Iontaobhais an Aontais don Afraic.

***Cosaint teorainneacha seachtracha an Aontais a neartú (ag cur le acquis Schengen)***

f) ba cheart oibriú le go mbeifear in ann córas comhtháite bainistithe a bhunú de réir a chéile i gcás na dteorainneacha seachtracha;

g) ba cheart úsáid iomlán a bhaint as an sainordú atá ag Frontex cheana, lena n-áirítear maidir le himscaradh Foirne Mear-Idirghabhála Teorann;

h) i gcomhréir le dáileadh na n-inniúlachtaí faoin gConradh, agus i lánurraim d'inniúlachtaí náisiúnta na mBallstát, ba cheart feabhas a chur ar shainordú Frontex i gcomhthéacs an phlé faoi Chóras Eorpach Teorainneacha agus Garda Cósta a fhorbairt, lena n-áirítear ó thaobh imscaradh na bhFoirne Mear-Idirghabhála Teorann i gcás ina léiríonn meastóireachtaí Schengen nó an anailís riosca gur gá gníomhú ar bhealach stóinsithe, pras, i gcomhar leis an mBallstát lena mbaineann;

i) ba cheart réitigh theicniúla a cheapadh chun an rialú a threisiú ar theorainneacha seachtracha an Aontais Eorpaigh, ar mhaithe le cuspóirí imirce agus slándála a bhaint amach, gan cur isteach ar ghluaiseacht;

j) ba cheart tacú leis an bpacáiste de bhearta a bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún a chur ar fáil gan mhoill d'fhonn feabhas a chur ar bhainistiú na dteorainneacha seachtracha.

***Freagairt do mhórphlódú isteach na dteifeach san Eoraip agus a áirithiú go gcuirfear daoine ar ais***

k) i gcomhréir leis na cinntí a rinneadh go dtí seo, ba cheart leanúint ar aghaidh le bunú práinnláithreacha breise próiseála laistigh den tréimhse ama a comhaontaíodh, lena áirithiú go ndéanfar iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta agus imircigh eile a shainaithint, a chlárú, go dtógfar a gcuid méarlorg agus go nglacfar iad agus, ag an am céanna, go n-áiritheofar an t-athlonnú agus an cur ar ais. Tacóidh na Ballstáit go huile agus go hiomlán leis na hiarrachtaí sin, sa chéad áit trí fhreagairt don iarraidh a rinne FRONTEX agus EASO saineolas a chur ar fáil do na Foirne Tacaíochta don Bhainistiú Imirce a bheadh ag obair i gceantair na bpráinnláithreacha próiseála agus trí acmhainní riachtanacha a chur ar fáil;

l) na cinntí a rinneadh maidir le hathlonnú; ba cheart iad a chur chun feidhme go hiomlán, anois go bhfuil na chéad athlonnaithe curtha i gcrích, agus ba cheart freisin na gealltanais a thugamar i ndáil le hathshocraíocht a chomhlíonadh agus i ndáil le feidhmiú na bpráinnláithreacha próiseála;

m) ba cheart do na Ballstáit, ag an am céanna, dlús a chur le cur chun feidhme na Treorach um Chur Ar Ais agus Oifig ar leith don chur ar ais a bhunú mar chuid de Frontex, roimh dheireadh na bliana, chun cur leis an tacaíocht atá ar fáil do na Ballstáit;

n) ba cheart cur le sainordú FRONTEX maidir le cur ar ais le go mbeadh sé in ann oibríochtaí comhpháirteacha cur ar ais a eagrú ar a thionscnamh féin, agus cur lena ról ó thaobh doiciméid taistil a fháil dóibh siúd a mbeifear á gcur ar ais;

o) ba cheart tríú tíortha a spreagadh le go nglacfaidh siad le *laissez-passer* feabhsaithe Eorpach don chur ar ais mar an doiciméad tagartha chun críocha an chur ar ais;

p) ba cheart na gealltanais go léir maidir le hathligean isteach a chur chun feidhme ar bhealach éifeachtach, cibé acu ar trí chomhaontuithe foirmiúla maidir le hathligean isteach, trí Chomhaontú Cotonou nó trí shocruithe eile a tugadh na gealltanais sin;

q) ba cheart cumas giarála a mhéadú tuilleadh i réimsí an chur ar ais agus an athligin isteach, agus úsáid á baint, nuair is iomchuí sin, as an bprionsabal "tuilleann breis tuilleadh". I ndáil leis sin, tíolacfaidh an Coimisiún agus an tArdionadaí, laistigh de sé mhí, dreasachtaí saincheaptha, cuimsitheacha, a mbainfear úsáid astu i dtaca le tríú tíortha.

3. Is cuid iad na treoirlínte thuas den dul chun cinn atá á dhéanamh againn chun straitéis chuimsitheach a fhorbairt, ar aon dul leis an gceart chun tearmann a lorg, le cearta bunúsacha agus le hoibleagáidí idirnáisiúnta. Tá gníomhaíochtaí tosaíochta tábhachtacha eile ann, áfach, nach mór a phlé arís sna fóraim ábhartha, lena n-áirítear na tograí ón gCoimisiún. Agus is gá leanúint den mhachnamh ar bheartas foriomlán imirce agus tearmainn an Aontais Eorpaigh. Leanfaidh an Chomhairle Eorpach d'athbhreithniú a dhéanamh ar a dtarlóidh.

***An tSiria agus an Libia***

4. Phléigh an Chomhairle Eorpach ar tharla le déanaí ó thaobh na polaitíochta agus ó thaobh cúrsaí míleata de sa tSiria, tionchar an méid sin ar an imirce san áireamh. Is é réimeas Assad is mó atá freagrach as an 250,000 duine a fuair bás sa choimhlint go dtí seo agus as na milliúin atá easáitithe dá barr. Bhí an Chomhairle Eorpach ar aon intinn go gcaithfear díriú ar an gcomhrac i gcoinne DAESH agus grúpaí eile sceimhlitheoireachta atá ainmnithe ag na Náisiúin Aontaithe faoi chuimsiú straitéis aontaithe, comhordaithe agus i bpróiseas polaitiúil bunaithe ar Communiqué na Ginéive ón mbliain 2012. Tá an tAontas Eorpach iomlán gníomhach ag iarraidh teacht ar réiteach polaitiúil ar an gcoimhlint, i ndlúthchomhar leis na Náisiúin Aontaithe agus le tíortha an réigiúin agus iarrann sí orthu siúd go léir atá rannpháirteach oibriú chuige sin. Ní bheidh síocháin bhuan sa tSiria faoin réimeas atá ann faoi láthair ná ní bheidh feasta go dtí go dtabharfar aghaidh ar na fíorábhair casaoide atá ag muintir na Siria agus ar an méid a bhfuil sé de cheart acu a bhaint amach. Chuir an Chomhairle Eorpach in iúl gur cúis imní di ionsaithe na Rúise ar an bhfreasúra sa tSiria agus ar shibhialtaigh na tíre sin agus tá imní uirthi freisin go rachaidh an choimhlint mhíleata i ndonas.

5. Maidir leis an Libia, ba dhíol sásaimh don Chomhairle Eorpach an fógra a rinne na Náisiúin Aontaithe agus d'iarr sí ar na páirtithe uile an fógra sin a fhormhuiniú go tapa. Dearbhaíonn an tAontas Eorpach arís go bhfuil sé réidh tacaíocht shubstaintiúil, idir pholaitiúil agus airgeadais, a chur ar fáil don Rialtas Comhaontaithe Náisiúnta ach é a bheith in oifig.

## CEISTEANNA EILE

6. An plé a rinneadh ar thuarascáil na n-Uachtarán faoi bhailchríoch a chur ar an Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, rinne an Chomhairle Eorpach é a mheas. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go gcaithfear dul ar aghaidh agus bailchríoch a chur ar an Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta i lánurraim don mhargadh aonair agus ar bhealach oscailte, trédhearcach. Tiocfaidh an Chomhairle Eorpach ar ais chuig na hábhair sin ag an gcruinniú a bheidh aici i mí na Nollag.

7. Tugadh eolas don Chomhairle Eorpach faoin bpróiseas amach anseo i ndáil le pleananna na Ríochta Aontaithe do reifreann (istigh/amuigh). Fillfidh an Chomhairle Eorpach ar an gceist sin i mí na Nollag.

8. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an tuarascáil neamhspleách idirnáisiúnta a d'ullmhaigh Bord Sábháilteachta na hÍsiltíre agus a foilsíodh an 13 Deireadh Fómhair maidir le turgnamh eitilt MH17 agus tacaíonn sí leis an méid atá á dhéanamh chun iad siúd atá freagrach as an ngníomh sin a thabhairt chun cuntais i gcomhréir le Rún 2166 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.